



C/2026/2014

13.4.2026

**Iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 5 Feabhra 2026 –
Bundesarbeitskammer v A1 Telekom Austria AG**

(Cás C-57/26, A1 Telekom Austria)

(C/2026/2014)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Oberster Gerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Bundesarbeitskammer

Cosantóir: A1 Telekom Austria AG

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An bhfuil Airteagal 102(3)(c) de Threoir (AE) 2018/1972 ⁽¹⁾ agus Cuid A.2 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann léi le léiriú sa chaoi go bhfuil sé de cheart ag gnóthas teileachumarsáide (soláthraí seirbhíse cumarsáide) 'praghsanna chun an tseirbhís cumarsáide leictreonaí a ghníomhachtú' a shocrú, ina théarmaí agus coinníollacha ginearálta gnó agus córas muirearaithe, mar 'bhreithniú' ón gcustaiméir?
2. An bhfuil na forálacha thuasluaite le léiriú sa chaoi gurb ionann na 'praghsanna chun an tseirbhís cumarsáide leictreonaí a ghníomhachtú' agus luach saothair de réir bhrí comaoin (fhíor) i leith an chomhlíonta atá dlite faoin gconradh, a fhéadfar a chomhaontú i gcomhréir le prionsabail gheilleagar an tsaoimhargaidh, cé go bhfuil sé ar bhonn théarmaí agus choinníollacha ginearálta na gcóras gnó agus muirearaithe, nó sa chaoi nach bhfuil sna praghsanna sin ach aisíocaíocht costas?
3. Mura bhfuil i gceist ach aisíocaíocht costas:
 - An bhfuil na forálacha thuasluaite le léiriú sa chaoi nach mór do phraghsanna gníomhachtaithe ach na costais a bhaineann go díreach le gníomhachtú na seirbhíse teileachumarsáide a chumhdach, is é sin le rá, costais na mbeart teicniúil amháin a bhfuil fíorghá leo chun an nasc a ghníomhachtú?
 - Agus measúnú á dhéanamh ar a éagóraí atá costais gníomhachtúcháin faoi Threoir 93/13/CEE ⁽²⁾, an bhfuil na costais ábhartha a tabhaíodh iarbhrí, nó na costais atá riachtanach agus iomchuí i ndáiríre?
 - An gceadaítear muirear ar ráta comhréidh faoi dhlí an Aontais?
4. Más rud é gurb é atá i gceist luach saothair sa chiall comaoin (fhíor) ar fheidhmíocht atá dlite:
 - An bhfuil Airteagal 4(2) de Threoir 93/13/CEE le léiriú sa chaoi go mbaineann an luach saothair ar a dtugtar 'táille gníomhachtaithe', atá iníoctha ag custaiméirí gnóthais teileachumarsáide ag tús an chaidrimh chonarthaigh agus atá, dá bhrí sin, faoi réir Airteagal 102(3)(c) de Threoir (AE) 2018/1972 agus Chuid A.2 in Iarscríbhinn VIII a ghabhann léi, le 'príomhábhar an chonartha'?
 - An bhfuil an chéad abairt d'Airteagal 5 de Threoir 93/13/CEE le léiriú sa chaoi nach bhféadfar 'táille gníomhachtaithe' i gcaidreamh tráchtála le tomhaltóirí a thabhairt ar luach saothair dá bhforáiltear i dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta gnó agus córas gearrtha ach amháin mura sáraíonn méid an luacha saothair sin costais na gcéimeanna atá go hiomlán teicniúil agus a bhfuil fíorghá leo chun an nasc a ghníomhachtú?

⁽¹⁾ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (athmhúnlú) (IO 2018 L 321, lch. 36).

⁽²⁾ Treoir ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

5. An bhfuil an chéad abairt d'Airteagal 5 de Threoir 93/13/CEE le léiriú sa chaoi nach gá, faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2018/1972, de bhun Airteagal 102(3)(c) den Treoir sin agus Chuid A.2 in Iarscríbhinn VIII a ghabhann léi, a léiriú sa chlásal ábhartha cén praghas a shonraítear don ghníomhachtú atá le gearradh?
-